An Roinn
Forbartha Réigiúnaí
www.drdni.gov.uk

ÉILEAMH A DHÉANAMH IN AGHAIDH NA ROINNE FORBARTHA RÉIGIÚNAÍ FAOI DHÍOBHÁIL PHEARSANTA BILEOG FAISNÉISE

(Le scor is le coinneáil mar threoir ina dhiaidh seo)

Réamhrá

Tá an Láraonad Éileamh freagrach as próiseáil a dhéanamh ar gach éileamh dliteanais phoiblí a dhéantar in aghaidh na Roinne Forbartha Réigiúnaí.

Féadfaidh tú cúiteamh a éileamh ar an Roinn i ndíobháil phearsanta a tharla toisc nár chomhlíon an Roinn a cuid feidhmeanna reachtúla. Ach is le cothabháil na mBóithre a bhaineann an chuid is mó de na héilimh, agus is é aidhm na bileoige faisnéise seo a mhíniú duit:-

a) Mar a chosnaíonn an Roinn í féin in aghaidh éileamh a bhaineann le timpistí bóthair;

b) Mar is féidir éileamh a dhéanamh;

c) An t-achar ama ina ndéileálfar lena leithéidí d'éilimh; agus

d) mar is féidir gearán a dhéanamh mura bhfuil tú sásta leis an dóigh ar pléadh le d'éileamh (cé nach mbaineann sé seo le haon easaontas faoi chinneadh deiridh na Roinne ná le luach an éilimh).

An féidir glacadh leis go n-íocfar gach cúiteamh i ndeireadh báire?

Ní féidir glacadh leis go n-íocfar gach cúiteamh i ndeireadh báire. De bhun Ailt 8 den Ordú Bóithre (TÉ) 1993 tá an ceart agat cúiteamh a éileamh, ach tugann sé seo cosaintí don Roinn fosta in aghaidh éileamh den sórt seo. Más féidir leis an Roinn a thaispeáint gur fheidhmigh sí **córas réasúnta iniúchta agus deisiúcháin maidir leis an bhóthar atá i gceist**, ní bheidh tú i dteideal cúitimh. Tá glactha le fada leis an phrionsabal seo san iliomad cúiteanna ar fud Thuaisceart Éireann. Dá réir seo, má tharla an timpiste a d'éirigh duit ainneoin córas rialta iniúchta agus deisiúcháin phrais a bheith i bhfeidhm, diúltófar do d'éileamh. Ar an dóigh chéanna, más fabht ríbheag sa bhóthar ba shiocair le do thimpiste nó rud éigin a beith ina luí air (m.sh. dramhaíl nó smionagar éigin), arís ar ais ní bheidh an Roinn Forbartha Réigiúnaí freagrach as an díobháil a tharla. De bharr na reachtaíochta seo, caithfidh an Roinn gach éileamh a fhiosrú go cruinn féachaint an bhfuil cosaint aici ar an líomhain.

Cad é mar a dhéanfaidh mé éileamh?

Le héileamh a dhéanamh, ní mór an fhoirm éilimh atá leis seo a chomhlánú, a shíniú agus a chur ar ais chuig an Láraonad Éileamh, mar aon le grianghraif den chás ba shiocair leis an timpiste.

Achar ama

Ar an meán caitear timpeall 8 mí sula dtagtar ar chinneadh faoi éileamh.

Caithfear a thuiscint nach féidir leis an Roinn dlús a chur le freagraí na bPáirtithe eile. Le fiosrú cruinn a dhéanamh ar d'éileamh, caithfidh an tAonad imscrúdú a dhéanamh ar:

1. thaifid an iniúchta agus an deisiúcháin
2. thaifid eile, (m.sh. gearáin phoiblí)
3. cé acu an bhfuil nó nach bhfuil baint ag Conraitheoir nó Údarás Seirbhíse leis an scéal.

Ní mór am áirithe a chaitheamh ar na fiosrúcháin seo, mar sin is mór againn d'fhoighne.

An gcaithfidh mé freastal ar chruinniú láithreáin?

Tá sé ríthábhachtach go sainaithneofar go baileach agus go gcuirfear in iúl don Roinn an láthair inar tharla an timpiste agus ní thosóidh an fiosrú againne sula gcuirfear in iúl dúinn í.

- Cuir isteach freisin aon ghrianghraf atá agat den láthair ina maíonn tú a tharla an timpiste. Ba mhór an chabhair fosta dá mbeadh ina measc seo, ní hamháin grianghraif ghar-amhairc den fhabht, ach freisin pictiúir chian-amhairc de a tógadh i gcomhthéacs na háite máguaird le gur féidir le foireann na Seirbhíse Bóithre áitiúla an suíomh a shainaithint go baileach. Tabhair le fios ar na grianghraif an treo ina rabhthas ag taisteal agus sainaithin go baileach an tsiocair a bhí leis an timpiste a mhaítear a tharla. Inis dúinn fosta an dáta ar tógadh na grianghraif agus cé a thóg iad. Mura féidir linn láthair na timpiste a shainaithint go baileach ar na grianghraif, nó mura bhfuil aon ghrianghraf le fáil, caithfear iniúchadh láithreáin a chur á dhéanamh le hionadaí de chuid na Roinne le gur féidir an suíomh a thaispeáint go cruinn.

Ach láthair na timpiste a bheith ar eolas, déantar tuairisc agus léaráid mhionsonraithe le go bhféadfaidh Innealtóirí na Roinne na taifid a sheiceáil agus fiosrúcháin éagsúla a dhéanamh. Gan láthair na timpiste a bheith shainaitheanta go cruinn, ní féidir an t-éileamh a fhiosrú. **Mar sin féin, ba cheart duit dul i dteagmháil láithreach leis an Aonad mura féidir leat freastal ar chomhiniúchadh láithreáin.**

Cinneadh faoi Dhliteanas

Ach fiosrú cruinn a bheith déanta ar d'éileamh, cinntear ar cheart é a shocrú, diúltú dó nó é a tharchur chun páirtí eile, m.sh. Conraitheoir.

Éilimh a tharchur chun "gnóthairí" de réir an Ordaithe um Oibreacha Sráide (Tuaisceart Éireann) 1995 agus páirtithe eile de réir an Ordaithe Bóithre (Tuaisceart Éireann) 1993

Ach iniúchtaí a bheith déanta, b'fhéidir go gcruthófar gur gnóthaire reachtúil nó ceadúnaí príobháideach ba shiocair leis an fhabht atá i gceist. Tá na comhlachtaí nó na daoine seo freagrach de réir an dlí as na héilimh a dhéantar de dheasca a gcuid oibreacha. Má tá an tAonad cinnte go bhfuil a leithéid de pháirtí freagrach as an fhabht, cuirfidh sé ar an eolas thú dá réir agus tarchuirfidh sé d'éileamh chun an pháirtí atá freagrach. Is é an páirtí seo a bheidh freagrach as d'éileamh ansin agus ní hí an Roinn.

Éilimh Chalaoiseacha

Má shamhlaítear don Roinn go bhfuil éileamh calaoiseach á dhéanamh, tá de dhualgas uirthi é a tharchur chun Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart na hÉireann chun fiosrúcháin agus, más cuí, chun ionchúisimh.

Nós Imeachta Gearán Inmheánach

Má theastaíonn uait, le linn don éileamh a bheith á phróiseáil nó ina dhiaidh, gearán a dhéanamh faoi ghné ar bith de sheirbhís an Aonaid nó faoi mar a pléadh le d'éileamh (is sé sin, mar a dhéileálamar leis an chás), ba cheart duit gach mionsonrú a chur chuig:

An Bainisteoir Gearán
An Roinn Forbartha Réigiúnaí
An Láraonad Éileamh
Middleton Building
10 High Street
BÉAL FEIRSTE
BT1 2BA

Fiosrófar do ghearán agus gheobhaidh tú freagra faoi cheann dhá sheachtain. Ach ní ghlacfar le gearáin faoi chinneadh na Roinne, mar is féidir cur ina aghaidh sin go dlíthiúil.

An Coimisinéir Parlaiminte um Riarachán

Ní haon mhalairt é an Nós Imeachta Gearán Inmheánach againne ar an cheart atá agat gearán a dhéanamh leis an Choimisinéir Parlaiminte um Riarachán (an tOmbudsman). Ba chóir duit a thabhairt do d'aire, áfach, gur dócha go mbeidh an tOmbudsman ag súil gur bhain tú úsáid as an ghnáthamh seo againne sula nglactar le do ghearán.

Ag seo seoladh an **Choimisinéara**:

Oifig an Ombudsman
33 Wellington Place
BÉAL FEIRSTE

nó

An tOmbudsman
Freepost
BÉAL FEIRSTE

BT1 6HN BT1 6BR

Teil: (028) 9023 3821 **nó** 0800 282036

Go raibh maith agat faoi na mionsonraithe roimhe seo a chomhlánú. Cuirfimid d'éileamh á mheasúnú anois agus inseoimid an toradh duit chomh luath agus is féidir, ach ar an meán ní mór 8 mí a áireamh don phróiseas seo.

B'fhéidir go gcuirfear an fhaisnéis a thugtar ar an bhfoirm seo ar fáil do ranna/ghníomhaireachtaí/chonraitheoirí/ghnóthairí/pháirtithe eile ar tharchuir an Roinn an t-éileamh chucu ar mhaithe le leas eacnamaíochta na tíre, nó d'fhonn mí-iompar nó coireanna a chosc nó cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

Foirm Dhearbhaithe

Léigh leat anois an dearbhú thíos, sínigh d'éileamh agus cuir ar aghaidh é chuig ceann den dá oifig atá liostaithe thíos.

Agus na tosca mar a sonraíodh iad, éilím cúiteamh anois ón Roinn Forbartha Réigiúnaí. Tá mé toilteanach, má iarrtar orm é, labhairt le hionadaí d'fhonn láthair na timpiste a thaispéaint go baileach.

Dearbhaím, ag comhlánú na foirme iarratais ar chúiteamh seo dom, gur nocht mé gach faisnéis go hiomlán macánta agus go bhfuil an fhaisnéis agus na cáipéisí atá mé a chur ar fáil fíor agus beacht chomh fada le m'eolas agus m'fhaisnéis agus mar a chreidim.

Tuigim go bhfuil de dhualgas ar an Roinn aon éileamh a shamhlaítear di atá calaoiseach a tharchur chun Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart na hÉireann agus más cúis imní an t-éileamh seo don Roinn, go dtarchuirfidh sí an fhoirm éilimh agus na cáipéisí a ghabhann léi chun Scuad Calaoise Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart na hÉireann .

Sínithe_____ Dáta_____

Féadfaidh tú an fhoirm éilimh chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig ceann den dá oifig againn i mBéal Feirste nó i nDoire. Gheobhaidh tú seoladh an dá Oifig sin ag bun an leathanaigh seo.

Ba mhaith linn a admháil chomh luath agus is féidir go bhfuarthas d'éileamh. Le gur féidir é seo a dhéanamh, iarrtar ort an rannán lastall a chomhlánú, ag scríobh do ainm agus do sheolta sa spás cuí. Cuirfear ar ais chugat é tríd an phost, dara grád.

An Roinn
Forbartha Réigiúnaí
www.drdni.gov.uk

ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

Uimh. Thag.

Éileamh ar Chúiteamh i nDíobháil Phearsanta

- Iarrtar ort an oiread faisnéise agus is féidir a sholáthar faoin timpiste le cabhrú linn d'éileamh ar chúiteamh a mheasúnú gan mhoill. (BLOCLITREACHA AGUS DÚCH DUBH)
- Ná tuigtear go nglacann an Roinn le dliteanas ar bith ar an ábhar gur eisigh nó gur ghlac sí leis an fhoirm seo.
- De bhun an Achta um Riarachán an Leasa Shóisialaigh (TÉ) 1992, tá iallach ar an aonad seo faisnéis áirithe a sholáthar d'Aonad Aisghabhála Cúitimh na Gníomhaireachta Leasa Shóisialaigh i dtaobh gach éilimh faoi dhíobháil phearsanta . Comhlíonfar riachtanais faisnéise an Achta sin ach an rannán den fhoirm éilimh seo a bhaineann le mionsonraí an éilitheora / na timpiste / na díobhála/an chaillteanais a chomhlánú. Ní féidir plé le d'éileamh in éagmais na faisnéise sin.
- Coinníonn árachóirí agus cúititheoirí eile clár de na héilimh a rinneadh ar chúiteamh i ndíobháil phearsanta le gur féidir leo faisnéis a chomh-mhalartú agus éilimh chalaoiseacha a chosc. Is é an *Association of British Insurers* a oibríonn an clár seo, trí *Insurance Database Services Ltd*. Cuirfear an fhaisnéis seo ar fáil d'Árachóirí/Chúititheoirí eile ar baill iad den chlár. Tá liosta de na rannpháirtithe le fáil ó Oifig Londan an *Association of British Insurers*.

Mionsonraí an Éilitheora

1. Tabhair d'ainm/shloinne agus do sheoladh iomlán

Ainm/sloinne iomlán _____
Sloinne roimh Phósadh _____
Seoladh _____
_____
_____ Cód poist _____
Uimhir ghutháin_____

2. Dáta Breithe

L	L		M	M		B	B	B	B

3. Uimhir Árachais Náisiúnta

L	L		U	U		U	U		U	U		L

4. Ainm agus seoladh an Fhostóra
(má bhaineann le hábhar)

Ainm_____
Seoladh_____
_____
_____Cód poist_____

Mionsonraí na Timpiste

Inis dúinn faoin timpiste anois chomh mion agus is féidir. Mar a mhíníonn ár mbileog faisnéise, caithfimid láthair na timpiste a shainaithint go baileach le go bhféadfaidh ár gcuid fiosraitheoirí éileamh dul trí thaifid an iniúchta agus an deisiúcháin. Más doiligh do na hinnealtóirí áit agus siocair na timpiste a shainaithint b'fhéidir go n-iarrfar ort dul i gcomhairle leo lena thaispeáint go cruinn cén áit ar tharla an timpiste.

5. Sonraigh dáta agus am na timpiste

Dáta_____ Am _____ r.n./i.n.

6. Cár tharla an timpiste?
(Luaigh fosta an baile mór is gaire do láthair na timpiste)

_____
_____
_____
_____
_____

7. Cén treo a raibh tú ag taisteal ag an am?

Ó _____
Go _____

8. Grianghraif
Má iniann tú grianghraif nach dtugann an dáta ná an t-am ar tógadh iad le fios, tabhair an fhaisnéis sin anseo. Féach leat an Bhileog Faisnéise.

Dáta_____ Am _____ r.n./i.n.

Is le haghaidh léaráide an spás thíos, le gur fearr is féidir an láthair a shainaithint. Tabhair an oiread gnéithe aitheantais agus is féidir, mar shampla, ainm na sráide, uimhreacha tí, uimhreacha lampaí sráide. Tabhair treo an taistil le fios trí bhíthin (→) agus cuir (X) ar an áit ar tharla an timpiste.

9. Abair cén tsiocair a bhí leis an timpiste agus cén fáth dar leat a bhfuil an Roinn freagrach

_____
_____
_____
_____

Mionsonraí na nDíobháileacha/an Chaillteanais

10. Tabhair mionsonraí faoi do chuid gortuithe

_____
_____
_____
_____
_____

11. An ndeachaigh tú chun an ospidéil nó chun do lia ghinearálta de dheasca na timpiste seo

☐ CHUAIGH ☐ NÍ DHEACHAIGH

12. Má chuaigh, tabhair mionsonraí faoin ospidéal nó ainm agus seoladh an dochtúra

_____
_____
_____
_____
_____

13. Tabhair mionsonraí faoi aon chaillteanas nó damáiste eile
(m.sh. airgead nár saothraíodh/damáiste do mhaoin)

_____
_____
_____
_____
_____

Mionsonraí faoi na Finnéithe

14. An raibh finné ar bith ar an timpiste?

☐ BHÍ ☐ NÍ RAIBH

15. Má bhí, tabhair a n-ainm agus a seoladh, lean ort ar leathanach eile más gá

Ainm _____
Seoladh _____
_____
_____ Cód poist _____

Ainm _____
Seoladh _____
_____
_____ Cód poist _____

Éileamh

16. Ar thaisc tú éileamh i leith na timpiste seo le duine nó le comhlacht ar bith eile?

☐ THAISC ☐ NÍOR THAISC

17. Má thaisc, tabhair ainm agus seoladh an duine nó an chomhlachta agus aon uimhir thagartha

Ainm_____
Seoladh_____
_____
_____Cód poist_____
Uimhir ghutháin _____

Thall

An Roinn
Forbartha Réigiúnaí

www.drdni.gov.uk

DUILLÍN ADMHÁLA

Ainm _____
Seoladh _____
_____
_____ Cód poist _____

ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

Ba mhian liom a admháil go bhfuarthas d'éileamh ar chúiteamh i leith Díobhála Pearsanta, a fuarthas ar _____/_____/_____

Scríobhfaimid chugat arís go gairid agus tabharfaimid uimhir thagartha is féidir a thabhairt in aon chomhfhreagras eile.

Sínithe:

An Láraonad Éileamh

_____/_____/_____